# Rothaí Óg

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht, labhairt

Eochairfhocail: turas, rothaíocht, carthanacht, dúshlán

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé mhéad lá a thóg sé ar Chonan rothaíocht ó chontae an Chláir go Baile Átha Cliath?
2. Scríobh síos na daoine ar fad a chuaigh le Conan ar a thuras rothaíochta?
3. Cé mhéad ciliméadar a bhí i gceist leis an turas?
4. Ainmnigh an charthanacht ar bhailigh Conan airgead ar a son?
5. Cén chuid den turas a rothaigh Senan?

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaí plé ar an rothaíocht. Bainigí leas as na ceisteanna seo a leanas mar threoir.**

1. An bhfuil rothar agat féin?
2. An dtaitníonn sé leat a bheith ag rothaíocht? Cén fáth?
3. An dtagann tú ar scoil ar an rothar?
4. An bhfuil aithne agat ar aon rothaí gairmiúil?
5. An bhféachann tú ar an Tour de France ar an teilifís gach samhradh?
6. Ar mhaith leat turas rothaíochta cosúil leis an gceann atá déanta ag Conan a dhéanamh? Cén fáth?

# Na Freagraí

1. 8 lá
2. A athair, a dheartháir, a sheanathair agus a uncail
3. 390 ciliméadar
4. Cumann Naomh Uinseann de Pól
5. Ó Chill Dara go Scoil Synge

